Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Eanáir 2022
(OR. en)

5153/22

AGRI 5
AGRIORG 3
AGRIFIN 2

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | An Chomhairle |
| Ábhar: | Staid an mhargaidh<br>– Malartú tuairimí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, nóta maidir leis an ábhar thuasluaite a ndéileálfar leis ag an gcruinniú a bheidh ag an gComhairle (Talmhaíocht agus Iascach) an 17 Eanáir 2022.

**Staid an mhargaidh talmhaíochta**

**Nóta ginearálta**

1. Cé go bhfeictear go fóill éifeachtaí an bhorrtha a tháinig le déanaí faoi ionfhabhtuithe COVID, faoi láthair, tríd is tríd, tá earnáil agraibhia an Aontais téarnaithe ó ghéarchéim COVID ó d'oscail seirbhísí bia de réir a chéile agus ó cuireadh deireadh leis na srianta ar ghluaiseacht daoine agus earraí a bhaineann leis an ngéarchéim. Tá onnmhairithe téarnaithe go láidir; tháinig méadú 8 % ar a luach sa tréimhse Eanáir go Meán Fómhair 2021 le hais na bliana roimhe sin. Deimhníodh freisin téarnamh sa trádáil déthaobhach leis an Ríocht Aontaithe, arb í sin an tír is mó onnmhairiú ag an Aontas. Mar sin féin, tá rioscaí tábhachtacha ann a bhaineann le héiginnteachtaí maidir le rialuithe teorann amach anseo agus maidir leis an tionchar a bheidh ag comhaontuithe saorthrádála a shínigh an Ríocht Aontaithe le déanaí le tríú tíortha. Ba cheart súil ghéar a choinneáil freisin ar éifeachtaí srianta trádála eile i ngeall ar fhorbairtí idirnáisiúnta.

2. Threisigh an t-éileamh dinimiciúil domhanda margaí talmhaíochta an Aontais in 2021/22, rud a d'fhág praghsanna domhanda ar ardleibhéal. Bhí innéacs praghsanna bia Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe (FAO), a léiríonn praghsanna domhanda talmhaíochta, 27 % níos airde, bliain ar bhliain, i mí na Samhna 2021. Léirítear an méadú sin ar phraghsanna talmhaíochta i bpraghsanna an Aontais freisin: tá innéacs praghsanna Eurostat do tháirgí talmhaíochta sa tríú ráithe de 2021, ar an meán, 13 % níos airde ná mar a bhí sé bliain ó shin. Mar sin féin, chuir meascán de thosca éagsúla, téarnamh an gheilleagair dhomhanda agus éileamh méadaithe ar ghás san áireamh, faoin mborradh atá tagtha ar phraghsanna fuinnimh faoi láthair, go háirithe ar an ngás nádúrtha san Eoraip, atá ag dul i méid go mór. Tá tionchar mór á imirt ag an méadú ar phraghsanna fuinnimh ar phraghsanna fhormhór na n-ionchur talmhaíochta. Is amhlaidh atá go háirithe i gcás praghsanna leasacháin a mhéadaigh níos mó ná 100% le bliain anuas. I mí na Samhna 2021, bhí innéacs leasacháin an Bhainc Dhomhanda 165% níos airde ná innéacs mhí na Samhna 2020. Tá praghsanna leasacháin nítrigine, go háirithe, comhghaolaithe go mór le praghas an gháis nádúrtha, arb é an príomhábhar é chun amóiniam nó úiré a tháirgeadh. De réir an Bhainc Dhomhanda, i mí na Samhna 2021, tháinig méadú 268 % agus 102 % faoi seach ar phraghas domhanda na húiré agus na fosfáite dé-amóiniam. De dheasca praghsanna arda fuinnimh, mar aon le suaitheadh na slabhraí soláthair ar COVID-19 is cúis leis, tá méadú tagtha ar na costais iompair agus teannas sna margaí tráchtearraí dá réir. Ba lú, ar an meán, an teannas sin sna seachtainí deireanacha de 2021, mar shampla, de bharr titim de 30 % in Innéacs Tirim Mhuir Bhailt i mí na Nollag 2021 (costais bhulc-iompair). Sa tríú ráithe de 2021, bhí innéacs praghsanna beatha cumaisc Eurostat 14 % níos airde, ar an meán, ná luach na bliana seo caite.

3. Tríd is tríd, tá an brú boilscithe éirithe níos láidre: tháinig méadú mór ar phraghsanna fuinnimh, amhábhar agus leasachán le linn an chéad leath de 2021 agus le gairid, freisin. Tá méadú beag tagtha ar bhoilsciú bia san Aontas ó mhí Aibreáin 2021; faoi mhí na Samhna 2021, 2.9% an leibhéal bliain ar bhliain. Tá an boilsciú bia fós i bhfad níos ísle ná an ráta boilscithe ginearálta (5.2 % in imeacht na tréimhse céanna). Cé go bhfuil laghdú mór ar an mboilsciú á thuar ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE), lena n-áirítear an chuid de a bhaineann le fuinneamh, le linn 2022, ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú sna margaidh sna hearnálacha sin.

4. Ag an dá sheisiún dheireanacha den Chomhairle AGRI/FISH, tharraing beagnach gach Ballstát aird ar an staid sin agus luaigh siad na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le costais ionchuir mhéadaitheacha ar chorrlaigh na bhfeirmeoirí in earnálacha na n-ainmhithe (costais bheatha, fuinneamh etc.) agus in earnálacha na mbarr (leasaitheoirí, fuinneamh etc.), agus go leor de na Ballstáit ag iarraidh go nglacfaí bearta margaidh éigeandála. Is fíor sin go háirithe i gcás earnálacha áirithe, amhail earnáil na muiceola, áit a bhfuil costas méadaitheach na n-ionchur, go háirithe beatha, agus soláthar láidir mar gheall ar thosca eile, ag brú ar chorrlaigh bhrabúis na bhfeirmeoirí go dtí leibhéil atá fíor-íseal nó go dtí nach ann dóibh.

**Staid na bpríomhearnálacha**

5. 291 mhilliún tona an réamhaisnéis is déanaí do tháirgeadh iomlán **gránach** in 2021/22 san Aontas, méadú 3.4 % bliain ar bhliain (+ 4.1 % i gcomparáid leis an meán cúig bliana), go háirithe i ngeall ar athshlánú na táirgeachta cruithneachta a mheastar ag 130.6 milliún tona (+ 7.3 % i gcomparáid leis an meán cúig bliana). Táthar á thuar go dtáirgfear 69.4 milliún tona d'ábhar Indiach, méadú 2.1 % bliain ar bhliain (+ 3.1 % i gcomparáid leis an meán cúig bliana). I bhfianaise gur lú an méid muiceola a táirgeadh sa Aontas, tá an t-éileamh ar bheatha beagáinín níos ísle i gcomparáid leis an mbliain mhargaíochta roimhe seo, titim de 0.18 %. Go ginearálta, tá praghsanna gránach an Aontais ard i gcónaí mar gheall ar an éileamh mór ar fud an domhain agus na dálaí barr i Meiriceá Theas atá ag dul in olcas. Meastar go dtáirgfear 30.5 milliún tona d'ola san Aontas in 2021/22. Ba cheart, i bhfianaise laghdú na bliana 2020/21, go dtabharfadh an méadú bliantúil 7 % sin faoiseamh do mhargadh an Aontais trí infhaighteachtaí níos mó a chur ar fáil, cé go mbeadh soláthar an tsíl ráibe tearc i gcónaí mar gheall ar stoic íseal ag tús an tséasúir. In ainneoin na bpraghsanna arda, i gcríocha áirithe san Aontas, amhail an Fhionlainn agus an Rómáin, níl na táirgeoirí in ann tairbhe a bhaint astu de dheasca an fhómhair ghann.

6. Tá réamhaisnéis an Aontais maidir le táirgeacht biatais **siúcra** le haghaidh 2021/22 – 75.4 tona in aghaidh an heicteáir, 2.4% os cionn an mheáin cúig bliana – i bhfad níos fabhraí ná an séasúr deiridh. Meastar go bhfuil 1.5 milliún heicteár i gceist le limistéar biatais siúcra an Aontais, agus go bhféadfadh táirgeadh siúcra san Aontas 15.7 milliún tona a bhaint amach – sin 7 % níos mó ná mar a bhí sa séasúr roimhe seo. D'fhan praghsanna an domhain sách ard agus sháraigh siúcra an Aontais an tairseach tagartha i mí Dheireadh Fómhair 2017 nuair a bhain sé EUR 417 in aghaidh an tona amach.
7. I gcás **na ríse**, tá margadh an Aontais réasúnta ciúin, a bhuí le hallmhairithe seasmhach, praghsanna arda intíre agus an dea-aimsir a d'fhág go raibh fómhar fabhrach i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair. Is saintréith den mhargadh ríse domhanda anois praghsanna arda, méideanna ísle trádála agus suaití leanúnacha mar gheall ar ghanntanais choimeádáin, costais an-ard loingseoireachta, scrogaill COVID-19 (san India, sa Téalainn, i Vítneam agus sa Chambóid), agus agóidí polaitiúla (i Maenmar tar éis an *coup*).
8. Maidir le **hola olóige**, táthar á thuar in 2021/22 go mbeidh táirgeadh an Aontais 4 % faoi bhun leibhéal an fheachtais dheireanaigh, is é sin gur isteach agus amach le 2 mhilliún tona a tháirgfear (3 % faoin meán cúig bliana). D'ainneoin na sreafaí chuig na Stáit Aontaithe a bheith níos láidre, ba bheag iad onnmhairithe ola olóige an Aontais sa bhliain mhargaíochta 2020/21 i gcomparáid leis na leibhéil a bhí ann roimhe sin, cé go raibh siad fós 18 % os cionn an mheáin cúig bliana. Ba cheart go mbeadh onnmhairithe níos airde a bhuí le hathstocáil i gcinn scríbe onnmhairithe áirithe agus le hathoscailt seirbhísí bia, ach ag an am céanna d'fhéadfadh laghdú teacht ar thomhaltas an Aontais mar gheall ar infhaighteachtaí a bheith níos lú agus praghsanna a bheith os cionn an mheáin. I limistéir áirithe san Aontas, amhail an Chróit, bhí tionchar ag an drochaimsir ar an earnáil, é sin agus fadhb ghinearálta na bpraghsanna arda ionchuir.
9. Is saintréith de mhargadh **an bhainne** an t-éileamh leanúnach agus tearc-sholáthar go domhanda agus san Aontas. Tháinig méadú ar mheánphraghsanna bainne amh an Aontais i ngach uile mhí in 2021 agus, tá siad anois ar an leibhéal is airde ó bhí mí an Mhárta 2014 ann. Tá praghsanna táirgí déiríochta an Aontais os cionn na dtagairtí is déanaí agus na dtagairtí meántéarmacha. Is iad na honnmhairithe cáise agus de phúdair mheidhg san Aontas na honnmhairithe is mó fás i mbliana. D'fhan táirgeadh **bainne** an Aontais seasmhach sna chéad deich mí de 2021. As sin, tháinig treochtaí eile ar fud na punainne déiríochta: táirgeadh níos lú púdair bainne bhearrtha agus púdair bainne iomláin, ime, bainne choipthe agus bainne óil ach táirgeadh níos mó bainne thiubhaithe agus uachtair. D'fhan onnmhairithe déiríochta an Aontais seasmhach go leor sna chéad deich mí de 2021, agus bhí treochtaí éagsúla ag baint leis sin, ag brath ar an táirge: onnmhairithe níos lú púdair bainne agus ime ach onnmhairithe níos mó cáise, bainne comhdhlúite agus de phúdar meidhg. Lean praghsanna bainne amh an Aontais de bheith ag méadú i mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, agus shroich siad leibhéil a bhí i bhfad os cionn na meánleibhéal cúig bliana. Ar an margadh domhanda, is iad praghsanna an Aontais na praghsanna is iomaíche do *cheddar* faoi láthair ach is iad is costasaí do phúdar bainne iomláin agus im. Is iad praghsanna na hAigéine na praghsanna is iomaíche do phúdar bainne iomláin agus is iad praghsanna na Stát Aontaithe na praghsanna is iomaíche don im agus do phúdar bainne bhearrtha.

10. Maidir leis na margaí **feola**, leanann praghsanna conablaigh **mhairteola** an Aontais ar aghaidh leis an treocht dhearfach a bhí acu agus, tá siad ar leibhéil an-ard fós a bhuí leis an éileamh mór agus leis an soláthar teoranta. Tá comhardú na trádála i gcás mairteola agus laofheola dearfach ó thaobh méid agus luacha de. Baineadh amach bun an chuair praghsanna le haghaidh conablaigh **muc** agus, tá praghsanna na mbanbh ag méadú, ach tá an dá rud seo fós íseal. Tháinig laghdú breise ar chorrlaigh na dtáirgeoirí, ach ag an am céanna, tháinig méadú ar tháirgeacht an Aontais i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Tá an comhardú trádála san Aontas dearfach, agus onnmhairithe arda ann, cé go bhfuil onnmhairithe chuig an tSín ag moilliú. Tar éis dheireadh laethanta saoire na Nollag, fiú, tá sé tuairiscithe ag roinnt de na Ballstáit nach bhfuil aon fhianaise shoiléir ann go bhfuil bun an chuair praghsanna bainte amach go fóill agus go bhfuil leibhéal na bpraghsanna fós fíor-íseal cé go bhfuil roinnt comharthaí laga ann go bhfuil tiontú ar na bacáin. San Aontas ar fad, nach mór, tá na héifeachtaí a bhaineann le costais mhéadaitheacha beatha agus fuinnimh á mbrath go láidir. I ndáil leis sin, tá iarrtha ag roinnt de na Ballstáit sna barúlacha scríofa uathu, go háirithe BG/CZ/DE/ES/HR/LV/HU/MT/PL/RO/SK, go gcuirfí bearta éigeandála margaidh nó tacaíocht dhíreach ar fáil a luaithe is féidir. Tharraing BG aird ar an ngá atá ann gan stoic a scaoileadh ar an margadh agus comharthaí áirithe ann go bhfuil tiontú sna praghsanna ar na bacáin. I dtuairim DE/ES/LT/PT/FI, tá údar maith ann faireachán agus glacadh a dhéanamh ar thionscnaimh atá dírithe ar shuaitheadh tromchúiseach sna margaí talmhaíochta a thuar agus ar ghníomhaíochtaí féideartha a ullmhú.

11. Ó mhí Dheireadh Fómhair i leith, tá praghsanna **éineola** an Aontais ag dul i méid, agus bhain siad amach leibhéil arda i gcomhthéacs an éilimh láidir intíre agus na srianta ar tháirgeadh. Tá teorainn le honnmhairithe an Aontais de dheasca srianta marthanacha a bhaineann le fliú éanúil agus, tá an baol ann go gcuirfeadh an rabharta ráigeanna a tharla le déanaí (e.g. in PT) brú breise ar na honnmhairithe sin. Ina theannta sin, leanann roinnt de na Ballstáit, SK mar shampla, de bheith ag tuairisciú allmhairithe méadaithe ón Úcráin. Ba cheart dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an staid sin. Tá praghsanna **uibheacha** i ndiaidh an leibhéal is airde riamh a bhaint amach i mbliana tar éis roinnt seachtainí nuair a bhí na praghsanna seasmhach a bhuí le héileamh intíre leanúnach, méadú ar onnmhairithe (+ 18 %) agus laghdú allmhairithe (-25 %). Tá na meánphraghsanna beagnach 18 % níos airde ná mar a bhí anuraidh, cé go bhfuil siad fós -3 % faoi bhun an mheáin cúig bliana stairiúil. Tá margadh **caorach** an Aontais tearc agus, tá iomaíocht láidir ann chun soláthairtí a chinntiú. Tá praghas na huaineola ardaithe mar gheall ar an éileamh domhanda ar uain roimh an Nollaig.

12. Maidir leis **an fhíon**, bhí tionchar ag an drochaimsir in earrach agus i samhradh 2021 ar fhómhar an fhíona san Aontas in 2021, nuair a bhí idir shioc agus tuilte ann, chomh maith le galair fhíniúnacha a bhaineann leis na dálaí aeráide sin. Meastar go mbeidh táirgeacht deiridh an Aontais 13 % níos ísle in 2021 i gcomparáid leis an mbliain seo caite. Ba í an Fhrainc ba mhó a bhí buailte ag an sioc, agus, táthar á thuar go mbeidh titim de 29 % sa táirgeadh ansin.

Mar sin féin, chuidigh fás an-láidir onnmhairiúcháin fíona san Aontas leis an téarnamh margaidh. Baineadh amach na leibhéil onnmhairithe is airde riamh le linn an fheachtais i séasúir 2020/21 (28,8 Mio Hl lena n-áirítear 4,1 Mio Hl a onnmhairíodh chuig an Ríocht Aontaithe) a bhuí leis an maolú ar shrianta COVID-19 agus dleachtanna breise na Stát Aontaithe a bheith ar fionraí. Tá roinnt srianta á n-athbhunú in earnáil HORECA i ngeall ar athrú i staid phaindéim COVID-19 i roinnt de na Ballstát, agus tá roinnt éiginnteachta anois ann sa ghearrthéarma.

13. Maidir leis an earnáil **torthaí agus glasraí**, tá na treochtaí margaidh fabhrach don chuid is mó de na táirgí ach tá staid níos deacra i margadh na n-úll i roinnt de na Ballstáit. Bhí fómhar na n-úll níos mó ná mar a bhí anuraidh mar gheall ar bharr líonmhar sa Pholainn agus, tá sé sin ag cur brú ar phraghsanna agus ag cur leis an sciar a rachaidh don phróiseáil sa deireadh. Leis an toirmeasc a thug an Bhealarúis isteach ar tháirgí áirithe talmhaíochta amhail ón 1 Eanáir 2022, d'fhéadfaí brú a mhéadú sa mhargadh sin agus is iad úlla agus piorraí na táirgí is mó a onnmhairítear. Ó tharla go bhfuil an sciar sin d'onnmhairithe iomlána PL a sheoltar chuig an mBealarúis chomh hard agus atá, measann PL go bhfágfar iarmhairtí suntasach ar réimse de chuid táirgí gairneoireachta na tíre. Meastar go laghdóidh táirgeadh oráistí an Aontais beagán, drochaimsir san Iodáil a d'imir tionchar air sin, agus oráistí úra á dtomhailt in ionad an tsú oráiste phróiseáilte. Maidir leis an trádáil idirnáisiúnta torthaí agus glasraí, tar éis na bliana is mó trádála riamh in 2020, bhí tionchar beag ag Brexit ar na sreafaí trádála: théarnaigh an staid sin tar éis roinnt míonna deacra go luath in 2021 agus sa deireadh níor laghdaigh líon na n-onnmhairithe chuig tíortha nach tíortha de chuid an Aontais iad ach 4% le linn na chéad 8 mí bliain ar bhliain. Mar sin féin, beidh aird i gcónaí ar an sreabhadh trádála leis an Ríocht Aontaithe ós rud é go bhfuiltear ag súil go dtabharfaidh an Ríocht Aontaithe isteach, faoi lár 2022 agus tar éis dóibh iad a chur siar roinnt uaireanta, seiceálacha teorann iomlána agus ceanglais deimhniúcháin d'onnmhaireoirí an Aontais.

**Focal scoir**

14. Cé gur díol sásaimh é do tháirgeoirí na praghsanna i réimse táirgí bia a bheith chomh hard agus a bhí siad riamh ar chúiseanna éagsúla, tá brú suntasach fós ar chorrlaigh na dtáirgeoirí i gcás líon áirithe táirgí, go háirithe táirgí muiceola, i ngeall go háirithe ar chostais arda ionchuir. Iarrtar ar an gCoimisiún an fhaisnéis a thugtar thuas a chomhlánú, go háirithe maidir le haon bheart arna ghlacadh chun an staid dhiúltach a mhaolú; agus, iarrtar ar na Ballstáit a chur in iúl cé acu a cheapann nó nach gceapann siad go bhfuil an ghníomhaíocht a rinneadh nó a moladh sásúil.